

Cuidigh le do pháiste leis an dealú: deicheanna agus aonaid


Bíonn an chuma air go mbíonn sé casta agus tú ag cuidiú le do pháiste agus é/í i mbun obair bhaile. Mar shampla, dá mbeadh fadhb dhealaithe mar seo le réiteach agat

$$52 - 28 = \square$$

b'fhéidir go ndéarfá go raibh tú chun aon a 'thógáil ar iasacht' agus é a íoc ar ais nuair a thugann tú faoi deara nach féidir leat 8 a bhaint as 2. B'fhéidir gur mar seo a d'fhoghlaim tú len é a dhéanamh ar scoil, agus bheadh an réiteach cosúil leis seo:

$$\begin{array}{r} 5 \overset{1}{2} \\ \underline{21} \overset{8}{8} \\ 2 \overset{4}{4} \end{array}$$

Nuair atá an uimhir atá in íochtar ró-mhór lena dhealú ón uimhir in uachtar, is dócha go mbainfeadh do pháiste leas as **athainmniú** dá mbeadh air/uirthi an freagra a fháil. Dhéanfaidh sé/sí sin mar gur múineadh dó/di smaoineamh ar uimhreacha leithéidí 52 mar 50 agus 2 agus ní mar 5 agus 2.



Cuidíonn sé le do pháiste a thuiscint céard atá ar siúl aige/aici agus cén fáth, agus leas á bhaint aige/aici as an **athainmniú** chun uimhreacha móra a dhealú óna chéile, seachas riail láimhe a bheith á leanúint aige/aici. Is éard atá sa bhileog leide seo treoir céim ar chéim le cuidiú le do pháiste leas a bhaint as **athainmniú** chun uimhreacha a dhealú óna chéile agus an sampla thuas, $52 - 28$, á úsáid. D'fhéadfadh sé cuidiú le do pháiste athainmniú a thuiscint agus leas a bhaint as dá bhféadfadh sé/sí rudaí ar nós ciúbanna, áiritheoirí, cnaipí, nó airgid a úsáid.



Céim a hAon

Léigh amach an fhadhb os ard.

Deiceanna	Aonaid
5	2
- 2	8








Cad é 52 lúide 28? Is ionann é agus céard?

An féidir leat an freagra a mheas?



Céim a Dó

Tarraing an fhadhb nó bain leas as rudaí, mar shampla, **comhair amach an uimhir 52 i ndeiceanna agus in aonaid** agus airgead á úsáid agat:

Deiceanna	Aonaid
 10	 51
 20	 52
 30	
 40	
 50	

Céim a Trí

Cuir ciorcal ar an uimhir is mó i gcolún na n-aonad:

Deiceanna	Aonaid
5	2
- 2	8

Iarr ar do pháiste: *An féidir leat 8 cent a bhaint as 2 cent? Ní féidir?*
Mar sin, *céard is féidir leat a dhéanamh?*

D'fhéadfadh do pháiste an rann beag seo a rá:

Níos mó thuas?

Coinnigh do luas!


Níos mó thíos?

Tóg ar cíos.

Faigh deich amháin.



Sin deich n-aonad bhreise, anois tá tú in ann!

Tabhair faoi deara gurb **ionann** bonn amháin 10c agus deich mbonn 1c:



Céim a Ceathair

Cuidigh le do pháiste bonn 10c a mhalartú (a bhabhtáil) ar deich mbonn 1c.
Taispeáin ceithre bhonn 10c agus dhá bhonn déag 1c dó/di.

Deicheanna	Aonaid
	

Iarr ar do pháiste: Cé mhéad bonn 10c atá agat anois? Cé mhéad bonn 1c?



Ansin iarr: An féidir leat 12 cent a rá ar bhealach eile?

Déan taifead ar a bhfuil déanta agat mar seo.

Deicheanna	Aonaid
4 5	¹ 2
- 2	8

Céim a Cúig

Déan iarracht an fhadhb a réiteach.
Tosaigh le colún na n-aonad.



Deicheanna	Aonaid
	

12 cent, bain 8 cent, fághtar 4 cent.

Deicheanna	Aonaid
4 5	¹ 2
- 2	8
	4

Céim a Sé

Ansin féach ar cholún na ndeicheanna.

Deicheanna	Aonaid
	

Ceithre bhonn 10c, bain dhá bhonn 10c, fághtar dhá bhonn 10c.

Deicheanna	Aonaid
4 5	¹ 2
- 2	8
2	4

Agus is é an freagra: Caoga a dó bain fiche a seacht, is é sin fiche a ceathair.

$$52 - 28 = 24$$

